



An Bhruiséil, 27 Feabhra 2026  
(OR. en)

6849/26  
ADD 1

---

---

Comhad Idirinstitiúideach:  
2026/0059 (COD)

---

---

COPEN 65  
DROIPEN 40  
COARM 28  
ENFOPOL 74  
JAI 261  
CODEC 343

## TOGRA

---

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	27 Feabhra 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 102 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le gáinneáil ar airm thine agus cionta eile a bhaineann le hairm thine a chomhrac agus lena leasaítear Treoir (AE) 2024/1260 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

---

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 102 annex.

---

Faoi iamh: COM(2026) 102 annex



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséil, 26.2.2026  
COM(2026) 102 final

ANNEX

## IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

**Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN  
gCOMHAIRLE**

**maidir le gáinneáil ar airm thine agus cionta eile a bhaineann le hairm thine a chomhrac  
agus lena leasaítear Treoir (AE) 2024/1260 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón  
gComhairle**

{SEC(2026) 102 final} - {SWD(2026) 102 final} - {SWD(2026) 103 final}

## Iarscríbhinn

### Tacar sonraí fosta chun airm thine urghafa a chlárú

1. Cineál  
Arm a aicmiú bunaithe ar na difríochtaí feidhmiúla nó meicniúla is suntasaí atá ann.
2. Branda  
Ainm an mhonaróra, nó an trádainm ceadúnaithe faoina margaítear an t-arm, a thaispeántar mar chuid de mharcáil uathúil an airm tráth a mhonaraithe nó a allmhairithe. I gcás ina bhfuil ainm monaróra chorparáidigh agus branda/trádainm difriúil ar an arm, is é an déantús an príomh-mhonaróir/ainm branda atá greanta ar na comhpháirteanna riachtanacha.
3. Leagan  
Dearadh sonrath airm nó athraitheach airm, arna ainmniú ag meascán uathúil cineáil, déanaimh, agus príomh-shaintréithe a fhágann gurb ionann é laistigh den déanamh céanna.
4. Calabra  
An t-ainmniúchán ainmniúil, a aithnítear ar bhonn tráchtála, le haghaidh cartús sonrath agus a thoisí bairille inmheánacha comhfhreagracha, arna chaighdeánú go foirmiúil ag an Commission Internationale Permanente pour l'Épreuve des Armes à Feu Portatives (C.I.P.) nó ag comhlachtaí náisiúnta aitheanta coibhéiseacha.
5. Sraithuimhir  
Roinnt carachtar, lena bhféadfaí uimhreacha agus litreacha a áireamh, atá greanta go fisiciúil i gcomhpháirteanna riachtanacha éagsúla d'arm chun an t-earra áirithe sin a chlárú go haonchiallach agus a fhónann chun an t-arm a rianú ón monarú go dtí an t-úinéir dlíthiúil deireanach.
6. Comhthéacs coiriúil  
Bonn cirt dlíthiúil le hurghabháil airm nó comhpháirte riachtanaí a bhaineann le cion coiriúil.
7. Dáta  
An dáta a urghabhadh an t-arm nó an chomhpháirt bhunriachtanach.
8. Comhthéacs geografach  
Suíomh na hurghabhála airm nó comhpháirte riachtanaí.
9. Faisnéis faoi inrianaitheacht an airm (le tagairt uathúil aitheantais airm)  
Faisnéis a bhaineann le rianú arm agus, i gcás inar féidir, a gcomhpháirteanna bunriachtanacha ón monaróir go dtí an ceannaitheoir. Is éard a bheidh sa tagairt uathúil aitheantais airm líon na gcarachtar a shanntar go haonchiallach d'aon arm nó d'aon chomhpháirt bhunriachtanach tráth a thairfeadtar in aon bhunachar sonraí iad agus ba cheart í a choinneáil mar an gcéanna go dtí go scriosfar an t-arm nó an chomhpháirt bhunriachtanach.
10. Pictiúr